Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 1 Meitheamh 2015**
**(OR. en)**

**9073/15**

**ENER 185**
**CLIMA 56**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1) |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir leis an Aontas Fuinnimha chur chun feidhme: tomhaltóirí a chumhachtú agus infheistíocht a mhealladh in earnáil an fhuinnimh<br>- Glacadh |

Mar thoradh ar na conclúidí a ghlac an Chomhairle Eorpach an 19 agus an 20 Márta 2015 agus ag tabhairt dá haire go bhfuil an tAontas tiomanta d'Aontas Fuinnimh a bhfuil beartas réamhbhreathnaitheach aeráide aige a fhorbairt, agus ar an Teachtaireacht ón gCoimisiún an 25 Feabhra 2015 dar teideal "Creat straitéise le haghaidh Aontas athléimneach Fuinnimh a bhfuil beartas réamhbhreathnaitheach aeráide aige", gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn tacar de dhréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir leis an ábhar thuasluaite.

I gcomhréir leis na conclúidí thuasluaite ón gComhairle Eorpach, inar leagadh béim ar an tábhacht a bhaineann leis na gnéithe go léir den Aontas Fuinnimh, choinnigh an Uachtaránacht uileghabhálacht an chreata straitéise i bhfeidhm. Ag an am céanna, mhol an Uachtaránacht go ndíreofaí leis na dréacht-Chonclúidí ar dhá ábhar chothrománacha, eadhon tomhaltóirí agus infheistíochtaí, ina léirítear an phríomhaidhm a bhaineann le gníomhaíochtaí a chur chun feidhme arna moladh ag an gCreat Straitéise, a bhfuil sé i gceist leis fuinneamh slán, inbhuanaithe, iomaíoch agus inacmhainne a thabhairt do thomhaltóirí, do theaghlaigh agus do ghnólachtaí an Aontais. Tá sé i gceist leis na dréacht-Chonclúidí, dá bhrí sin, a aibhsiú conas is féidir an dá ghné sin a chur san áireamh chun na cúig ghné den Aontas Fuinnimh a chur chun feidhme.

Sna dréacht-Chonclúidí, déantar tuilleadh forbartha ar an achoimre ar na heilimintí a d'fhéadfadh a bheith ann a cuireadh timpeall an 20 Márta 2015 (7343/15) agus ar an dianscrúdú a rinne an Mheitheal um Fhuinneamh go minic. Ina theannta sin, breathnaíodh freisin ar an bplé a rinneadh ag Comhdháil an Aontais Fuinnimh i Ríge an 6 Feabhra 2015 chomh maith leis an idirphlé a bhí ag na hAirí maidir leis an gcreat straitéiseach atá molta ag an gCoimisiún chun Aontas Fuinnimh a bhunú, a tionóladh ag Comhairle ITF (Fuinneamh) an 5 Márta 2015, agus na dréachtchonclúidí á bhforbairt agus á scrúdú.

Léiríodh sa phlé ar leibhéal na Meithle tuairimí agus tosaíochtaí difriúla i measc na mBallstát maidir le gnéithe éagsúla de na dréacht-Chonclúidí. Dá réir sin, rinne an Uachtaránacht tréaniarracht cothromaíocht chuí a bhaint amach sa téacs atá san Iarscríbhinn agus na hábhair imní éagsúla á gcur san áireamh ag an am céanna. Ina theannta sin, rinne an Uachtaránacht a seacht ndícheall chun na dréacht-Chonclúidí a dhíriú ar na hábhair a fógraíodh .i. tomhaltóirí a chumhachtú agus infheistíocht a mhealladh in earnáil an fhuinnimh agus cothromaíocht chóir a choimeád maidir leis na saincheisteanna ar fad sa téacs. Is é atá sa téacs, mar sin, comhréiteach cothrom ar féidir na toscaireachtaí uile tacú leis

Ag an gcruinniú a bhí ag Coreper an 27/29 Bealtaine, dhearbhaigh na toscaireachtaí go raibh siad tar éis teacht ar chomhaontú maidir le téacs na ndréachtchonclúidí.

Iarrtar ar Chomhairle ITF (Fuinneamh) na Conclúidí a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghlacadh ag an gcruinniú a bheidh aici an 8 Meitheamh 2015.

**IARSCRÍBHINN**

**Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir leis an Aontas Fuinnimh a chur chun feidhme: tomhaltóirí a chumhachtú agus infheistíocht a mhealladh in earnáil an fhuinnimh**

Déanann Comhairle an Aontais Eorpaigh:

AN MÉID SEO A LEANAS A MHEABHRÚ:

- na Conclúidí a ghlac an Chomhairle Eorpach an 19 agus an 20 Márta 2015, go háirithe maidir le Roinn I (Aontas Fuinnimh), ag tabhairt dá haire go bhfuil an tAontas Eorpach tiomanta d'Aontas Fuinnimh a fhorbairt a bhfuil beartas réamhbhreathnaitheach aeráide aige ar bhonn chreat straitéise an Choimisiúin, a bhfuil a chúig ghné idirghaolta go dlúth agus ag treisiú lena chéile,

- na conclúidí a ghlac an Chomhairle Eorpach an 23 agus an 24 Deireadh Fómhair 2014, go háirithe maidir le Roinn I (Creat Beartais 2030 don Aeráid agus don Fhuinnimh) lena n-áirítear cineál agus raon feidhme comhaontaithe na spriocanna do 2030 maidir le laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa, sciar an fhuinnimh in-athnuaite, feabhsuithe in éifeachtúlacht fuinnimh, idirnaisc leictreachais, an tábhacht bhunúsach a bhaineann le margadh inmheánach fuinnimh a fheidhmíonn go hiomlán agus atá nasctha agus ar an ngá le spleáchas an Aontais ar fhuinneamh a laghdú agus slándáil an tsoláthair fuinnimh i gcás leictreachais agus gáis araon a fheabhsú,

- na conclúidí maidir leis an teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal "Dul chun cinn chun an Margadh Inmheánach Fuinnimh a chur i gcrích", a ghlac Comhairle ITF (Fuinneamh) an 9 Nollaig 2014,

- na conclúidí maidir leis an teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal "Na praghsanna agus na costais fuinnimh san Eoraip", a ghlac Comhairle ITF (Fuinneamh) an 13 Meitheamh 2014,

- teachtaireachtaí ón gCoimisiún an 25 Feabhra 2015 dar teideal "Creat straitéise le haghaidh Aontas athléimneach Fuinnimh a bhfuil beartas réamhbhreathnaitheach aeráide aige" agus "An sprioc 10% a bhaint amach - eangach leictreachais na hEorpa a réiteach do 2020",

- Teachtaireachtaí ón gCoimisiún an 28 Bealtaine 2014 dar teideal "Straitéis Slándála Fuinnimh na hEorpa", agus an 22 Eanáir 2014, dar teideal "Praghsanna agus costais fuinnimh san Eoraip".

AG AITHINT DI gurb í an sprioc atá le hAontas Fuinnimh a fhorbairt agus beartas aeráide réamhbhreathnaitheach ag gabháil leis, fuinneamh a bheidh inacmhainne, sábháilte, iomaíoch, slán agus inbhuanaithe a sholáthar do **thomhaltóirí**, idir theaghlaigh agus lucht gnó, agus spleáchas an Aontais ar fhuinneamh a laghdú agus slándáil an tsoláthair fuinnimh a mhéadú. Ba cheart go mbeadh an sprioc sin i gcomhréir le cuspóirí fuinnimh agus aeráide an Aontais san fhadtéarma agus ba cheart go dtacódh sé le gníomhaíocht eacnamaíoch agus leis an bhfás a spreagadh.

AG AITHINT DI an tábhacht a bhaineann leis an **timpeallacht infheistíochta** agus le **rochtain ar mhaoiniú** i réimse an fhuinnimh maidir le gach ceann de na cúig ghné den Aontas Fuinnimh a chur chun feidhme.

AG AITHINT DI na cúig ghné den Aontas Fuinnimh, a bhfuil dlúthbhaint eatarthu .i. slándáil fuinnimh, dlúthpháirtíocht agus iontaoibh; margadh fuinnimh Eorpach a bheadh go hiomlán comhtháite; éifeachtúlacht fuinnimh lena gcabhrófaí leis an éileamh a mhaolú; dícharbónú an gheilleagair; taighde, nuáil agus iomaíochas, agus an gá atá le straitéis chomhleanúnach agus cur chuige cothromaithe i ndáil leis na cúig ghné sin.

AG MEABHRÚ DI an gá atá ann, d'fhonn a áirithiú go ndéanfar na cúig ghné den Aontas Fuinnimh a **chur chun feidhme**, lena n-áirítear an Creat Beartais don Aeráid agus don Fhuinneamh, 2030, a comhaontaíodh, chun corás iontaofa trédhearcach rialachais a fhorbairt agus é gan ualach riaracháin míchuí chun a áirithiú go mbainfidh an tAontas amach a spriocanna maidir le beartas fuinnimh, agus go mbeidh an tsolúbthacht is gá ann ag na Ballstáit agus aird iomlán á tabhairt ar an tsaoirse atá acu a meascán fuinnimh a chinneadh mar a luaitear sna Conclúidí ón gComhairle Eorpach i mí Dheireadh Fómhair 2014.

AG AITHINT DI go bhforbrófar an córas rialachais ar bhonn na mbunchloch atá ann cheana agus go ndéanfar leis snáitheanna éagsula pleanála agus tuairiscithe a shruthlíniú agus a chumasc. Treiseoidh sé le ról agus le cearta na dtomhaltóirí, mar aon le trédhearcacht agus intuarthacht d'infheisteoirí, *inter alia*, trí fhaireachán córasach a dhéanamh ar phríomhtháscairí chun go mbeidh córas fuinnimh inacmhainne, sábháilte, iomaíoch, slán agus inbhuanaithe ann, agus éascófar leis comhordú na mbeartas náisiúnta fuinnimh agus cothófar comhar réigiúnach idir na Ballstáit.
AG AITHINT DI an ról tábhachtach atá ag comhar réigiúnach maidir leis an Aontas Fuinnimh a chur chun feidhme agus mar chuid bhunriachtanach den chóras rialachais.

## A. CUR CHUN FEIDHME AN AONTAIS FUINNIMH ATÁ DÍRITHE AR NA TOMHALTÓIRÍ

Déanann an Chomhairle an méid a leanas d'fhonn cur chun feidhme na gcúig ghné den Aontas Fuinnimh a chur chun cinn:

1. ATHDHEARBHAÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé go mbeadh an margadh fuinnimh inmheánach dinimiciúil agus solúbtha lena n-áirithítear praghsanna fuinnimh cobhsaí, iomaíocha agus inacmhainne do thomhaltóirí agus, AG AITHINT DI ag an am céanna, an gá atá le praghsanna lena léirítear costas nó iniomaíocht praghsanna laistigh den mhargadh inmheánach fuinnimh, le bearta sonracha a bheith ann chun infheictheacht agus iomaíochas a áirithiú san fhadtéarma, go háirithe le haghaidh na dtionscal atá dian ar fhuinneamh nach mór dóibh dul i ngleic leis an iomaíocht idirnáisiúnta.

2. LEAGANN SÍ BÉIM AR an tábhacht a bhaineann le soláthar slán fuinnimh do thomhaltóirí. Agus í AG BREATHNÚ AR an raon leathan, na costais agus na sochair éagsúla a bhaineann leis na réitigh atá ar fáil lena méadófar slándáil an tsoláthair fuinnimh, agus AG AITHINT DI go bhfuil sé thar a bheith tábhachtach margadh inmheánach an fhuinnimh a chomhlánú, éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, an ceart chun forbairt a chosaint agus le leas á bhaint as acmhainní dúchasacha chomh maith le teicneolaíochtaí ísealcharbóin atá sábháilte agus inbhuanaithe, ag cloí, ag an am céanna, leis an gceart atá ag na Ballstáit cinneadh a dhéanamh maidir lena meascán fuinnimh féin, ATHDHEARBHAÍONN SÍ an tábhacht a bhaineann le hiarrachtaí chun spleáchas an Aontais ar fhuinneamh a laghdú agus chun **slándáil an tsoláthair fuinnimh** a mhéadú, agus athdhearbhaíonn sí freisin a thábhachtaí atá sé bealaí, foinsí agus soláthraithe fuinnimh a éagsúlú. AITHNÍONN SÍ na hiarrachtaí comhpháirteacha atá déanta ag na Ballstáit chun teacht ar fhoinsí nua agus ar bhealaí nua éagsúlaithe, go háirithe sna réigiúin is leochailí. MEABHRAÍONN SÍ, mar a leagtar amach sna Conclúidí ón gComhairle Eorpach an 20-21 Márta 2014, i gcás inarb ábhartha, go mba cheart idirnaisc a fhorbairt freisin le tríú tíortha.

3. AGUS BÉIM Á CUR AR an tábhacht atá le **margadh inmheánach fuinnimh**, a bheidh lánfheidhmiúil agus idirnasctha, a bhunú lena gcomhlíonfar riachtanais na dtomhaltóirí, ATHDHEARBHAÍONN SÍ gur gá reachtaíocht an Aontais atá ann cheana féin a chur chun feidhme agus a fhorghníomhú go hiomlán, lena n-áirítear an Tríú Pacáiste Fuinnimh; gur gá aghaidh a thabhairt ar an easpa idirnasc fuinnimh, a fhéadfaidh cur le hardú ar phraghsanna fuinnimh; gur gá comharthaí praghais mhargaidh iomchuí a bheith ann agus feabhas á chur ar iomaíocht sna margaí miondíola; athdhearbhaíonn sí an gá atá le aghaidh a thabhairt ar an mbochtaineacht fuinnimh, agus aird chuí á tabhairt ar shainiúlachtaí náisiúnta, agus cuidiú le tomhaltóirí i ndálaí leochaileacha agus cumasc iomchuí beartais shóisialta, fuinnimh nó tomhaltóirí á lorg ag an am céanna; an gá le tomhaltóirí a chur ar an eolas agus iad a chumhachtú trí mheán deiseanna chun páirt ghníomhach a ghlacadh sa mhargadh fuinnimh agus freagairt do chomharthaí praghais d'fhonn an iomaíocht a spreagadh, an tsolúbthacht ar thaobh an tsoláthair agus ar thaobh an éilimh sa mhargadh a mhéadú, agus an gá le cur ar chumas na dtomhaltóirí an méid fuinnimh a ídíonn siad a rialú agus páirt a ghlacadh i réitigh na freagartha don éileamh a bheidh cost-éifeachtúil, mar shampla trí eangacha cliste agus trí mhéadair chliste.

4. AG AITHINT DI na gnéithe tábhachtacha agus dearfacha d'**éifeachtúlacht fuinnimh** i ndáil le costais fuinnimh a laghdú do thomhaltóirí agus, ag an am céanna, chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus chun cur le slándáil fuinnimh, LEAGANN SÍ BÉIM AR an tábhacht a bhaineann leis na páirtithe leasmhara ar fad a spreagadh chun bearta éifeachtúlachta fuinnimh éagsúla a chur chun feidhme agus ar an ngá atá ann a áirithiú go mbeidh rochtain ag tomhaltóirí ar fhaisnéis leordhóthanach thrédhearcach agus go mbeidh dreasachtaí iomchuí acu chun fuinneamh a choigilt. I ndáil leis an méid sin, CUIREANN SÍ I dTREIS gur gá an reachtaíocht atá ann cheana a chur chun feidhme, mar aon le hathbhreithniú breise agus le forbairt bhreise a dhéanamh uirthi, nithe a bheadh ina gcabhair le leas a bhaint as acmhainneacht na héifeachtúlachta fuinnimh chun cost-éifeachtúlacht a bhaint amach, lena n-áirítear an Treoir maidir le hÉicidhearthóireacht agus an Treoir maidir le Lipéadú Fuinnimh. Chuige sin, TACAÍONN SÍ le tionscnaimh chun rochtain a éascú ar ionstraimí maoinithe agus ar scéimeanna maoinithe spriocdhírithe maidir le héifeachtúlacht fuinnimh.

5. ATHDHEARBHAÍONN SÍ an tábhacht a bhaineann le soláthairtí fuinnimh ísealcharbóin atá sábháilte agus inbhuanaithe do thomhaltóirí. AG AITHINT DI a thábhachtaí atá na sochair fhadtéarmacha agus na costais fhadtéarmacha a bhaineann le **dícharbónú** a bhaint amach, leas a bhaint as teicneolaíochtaí ísealcharbóin atá sábháilte agus inbhuanaithe agus go bhfuil sé de cheart ag na Ballstáit, mar chuid den inniúlacht atá acu i ndáil lena meascán fuinnimh, úsáid a bhaint, má roghnaíonn siad, as raon na dteicneolaíochtaí sin is fearr leo d'fhonn cuspóirí coiteanna an Aontais a bhaint amach, chomh maith le hiomaíochas tionsclaíoch agus an rannchuidiú leis an bhfás agus le poist a d'fhéadfadh teacht as an athrú chuig an gcóras fuinnimh inbhuanaithe, a chinntiú, AITHNÍONN SÍ an gá atá ann go ndéanfar acmhainní dúchasacha, idir shábháilte agus inbhuanaithe, a chomhtháthú ar bhealach cost-éifeachtúil, go háirithe acmhainní fuinnimh in-athnuaite, sa mhargadh, *inter alia,* trí dhearadh margaidh níos fearr agus trína bhforbairt a chur chun cinn agus leas á bhaint as teicneolaíochtaí ísealcharbóin atá sábháilte agus inbhuanaithe.

6. Sa chomhthéacs sin, agus aird á tabhairt ar leas na dtomhaltóirí, CUIREANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé go bhforbrófar straitéis réamhbhreathnaitheach i ndáil le **taighde & nuálaíocht** in earnáil an fhuinnimh, go háirithe chun forbairt bhreise a chur chun cinn, *inter alia*, i gcás fearais chliste agus eangacha cliste, i gcás córais éifeachtúla fuinnimh, stóráil fuinnimh ar mhaithe le leictreachas agus an chéad ghiniúint eile d'fhoinsí fuinnimh inathnuaite agus d'fhoinsí eile atá sábháilte agus inbhuanaithe, lena n-áirítear le haghaidh téimh agus fuaraithe agus earnálacha an iompair.

## B. DREASACHTAÍ A THABHAIRT D'INFHEISTÍOCHTAÍ SAN EARNÁIL FUINNIMH

Déanann an Chomhairle an méid a leanas le hinfheistíochtaí a chur chun cinn a éilítear leis na cúig ghné den Aontas Fuinnimh a chur chun feidhme:

1. ATHDHEARBHAÍONN SÍ gur gá timpeallacht infheistíochta intuartha faoi stiúir an mhargaidh a choimeád agus a fheabhsú ar fud an Aontais Eorpaigh, bunaithe ar chreat dlíthiúil Eorpach a bheidh cobhsaí agus trédhearcach agus ar bheartas comhleanúnach réamhbhreathnaitheach agus costéifeachtach aeráide agus fuinnimh.

   ATHDHEARBHAÍONN SÍ gur gá margadh carbóin a fheidhmíonn go maith d'fhonn creat intuartha, fadtéarma infheistíochta a chruthú.

   AITHNÍONN SÍ an acmhainneacht a ghabhann le comhar réigiúnach níos fearr, go suntasach ó thaobh coigiltis agus sinéirge a d'fhéadfadh a bheith ann i réimsí éagsúla na n-infheistíochtaí san earnáil fuinnimh agus an gá atá ann na tairbhí gearrthéarma agus fadtéarma a bhaineann leo a mheas ar bhealach leordhóthanach.

   ATHDHEARBHAÍONN SÍ gur gá infheistíocht ollmhór a dhéanamh sa bhonneagar fuinnimh, in éifeachtúlacht fuinnimh agus gur gá giniúint nuálach, sábháilte agus inbhuanaithe ísealcharbóin a thabhairt chun an mhargaidh. Chun na críche sin, áirítear cur chun feidhme na rialacha atá ann cheana maidir leis an margadh inmheánach agus comharthaí infheistíochta iomchuí agus rochtain ar mhaoiniú ar na ceisteanna lárnacha a chaithfear a áirithiú.

   I ndáil leis an méid sin, TACAÍONN SÍ le leas iomlán a bhaint as na foinsí féideartha maoiniúcháin uile lena n-áirítear na deiseanna atá ann do mhaoiniú ón Aontas, go háirithe trí dhreasachtaí a thabhairt do chomhar réigiúnach, d'fhonn rochtain ar mhaoiniú do thionscadail a éascú, go háirithe Tionscadail Leasa Choitinn, ar de chineál neamhthráchtála iad, agus d'fhorbairtí san earnáil fuinnimh agus suaitheadh agus ilroinnt á seachaint.

   ATHDHEARBHAÍONN SÍ a thábhachtaí agus atá sé go mbeadh cothrom na Féinne idir rannpháirtithe an mhargaidh, *inter alia*, d'fhonn na caighdeáin is airde a áirithiú ó thaobh na sábháilteachta agus an chomhshaoil de.

2. LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá le tuilleadh gníomhaíochtaí chun spleáchas an Aontais ar fhuinneamh a laghdú agus chun **slándáil an tsoláthair fuinnimh** i gcás leictreachais agus gáis araon a fheabhsú. Chun na críche sin, ATHDHEARBHAÍONN SÍ an gá atá ann dlús a chur leis na tionscadail bonneagair, lena n-áirítear na hidirnaisc go réigiúin fhorimeallacha go háirithe, mar a leagtar amach sna Conclúidí ón gComhairle an 19-20 Márta 2015 agus i gcomhréir leis na Conclúidí ón gComhairle an 23-24 Deireadh Fómhair 2014 agus ATHDHEARBHAÍONN SÍ gur gá na Tionscadail ríthábhachtacha Leasa Choitinn a chur chun feidhme in earnáil an gháis, amhail an chonair Thuaidh-Theas, Conair Gáis an Deiscirt agus cur chun cinn mol nua gáis i nDeisceart na hEorpa chomh maith le tionscadail lárnacha bonneagair lena gcuirtear feabhas ar shlándáil fuinnimh na Fionlainne agus Stáit Mhuir Bhailt, le héagsúlú a chinntiú maidir le soláthróirí agus bealaí fuinnimh agus le feidhmiú margaidh a áirithiú.

3. ATHDHEARBHAÍONN SÍ go gcaithfear gach iarracht a dhéanamh, mar ábhar práinne, le go mbainfear **margadh inmheánach fuinnimh** lánfheidhmiúil agus nasctha amach:

- AGUS É Á ATHDHEARBHÚ AICI gur gá cosc a chur ar idirnaisc uireasacha i mBallstáit ina bhfuil líonraí gáis agus leictreachais san Eoraip, LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá ann an sprioc íosta 10% de na hidirnaisc leictreachais atá ann cheana a bhaint amach, mar ábhar práinne, agus tráth nach déanaí ná 2020 ar a laghad i gcás na mBallstát sin nár bhain amach an t-íosleibhéal comhtháthaithe go fóill sa mhargadh inmheánach fuinnimh, is é sin le rá Stáit Mhuir Bhailt, an Phortaingéil agus an Spáinn, agus i gcás na mBallstát sin arb iad a bpríomhphointe rochtana iad leis an margadh inmheánach fuinnimh, agus ATHDHEARBHAÍONN SÍ gur gá a áirithiú go gcomhtháthófar líonra leictreachais Stáit Mhuir Bhailt i Líonra Ilchríochach na hEorpa. ATHDHEARBHAÍONN SÍ nach mór aird ar leith a thabhairt ar na codanna den mhargadh aonair is faide amuigh agus/nó is lú atá nasctha amhail Málta, an Chipir agus an Ghréig.

- AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí agus atá sé feabhas a chur ar an margadh fuinnimh chun go leanfar d'fhorbairt a dhéanamh ar mhargaí oscailte agus iomaíocha, agus deireadh á chur le suaití margaidh atá ann agus suaití nua margaidh á seachaint, lena dtabharfar dreasachtaí d'infheistíochtaí, lena gcinnteofar intuarthacht sna margaí fuinnimh agus infheictheacht fhadtéarma d'infheisteoirí agus lena gcinnteofar freisin solúbthacht margaidh ó thaobh slándála agus éileamh fuinnimh, slándáil an tsoláthair, fuinneamh inathnuaite agus foinsí fuinnimh dúchasacha eile chomh maith le tomhaltas fuinnimh níos éifeachtúla. AITHNÍONN SÍ gur cheart aird a thabhairt ar an margadh mórdhíola leictreachais, ar margadh é ar fíor ina leith go bhféadfadh sé nach dtabharfaidh sé na comharthaí praghais leordhóthanacha leis na hinfheistíochtaí riachtanacha a ghiniúint agus le slándáil an tsoláthair a áirithiú agus sa chomhthéacs sin, MEABHRAÍONN SÍ na Conclúidí ó Chomhairle ITF (Fuinneamh) a glacadh an 7 Meitheamh 2013.

4. IARRANN SÍ tacaíocht airgeadais agus polaitiúil lena ngabhfaidh gné fhadtéarma le hinfheistíochtaí príobháideacha a éascú agus a chur chun cinn ó thaobh feabhas a chur ar an **éifeachtúlacht fuinnimh** agus ar choigilteas fuinnimh, go háirithe sna hearnálacha a bhaineann le téamh agus fuarú ceantair, foirgnimh, iompar, táirgí agus fearais agus MOLANN SÍ dea-chleachtais a roinnt maidir le riosca agus le costais a leithdháileadh i gconarthaí seirbhísí fuinnimh lena bhféadfar leas a bhaint as infheistíochtaí i líonta tí, i FBManna agus sna hearnálacha poiblí.

5. Agus ról ceannasach na hEorpa ó thaobh theicneolaíocht an fhuinnimh inathnuaite agus na nuála Á CHOIMEÁD, LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé creat cobhsaí a áirithiú in earnáil **an fhuinnimh inathnuaite** i gcomhréir le rialacha an Aontais, lena n-áirítear na Treoirlínte ón gCoimisiún maidir le Státchabhair don Fhuinneamh agus don Chomhshaol, d'fhonn coinníollacha d'infheistíocht fhadtéarma a éascú agus le comhtháthú margaidh a éascú, agus oibríocht shábháilte agus iontaofa na líonraí leictreachais a áirithiú ag an am céanna.

6. MOLANN SÍ tionscnaimh lena spreagfar ceannaireacht san Aontas ó thaobh **na teicneolaíochta agus na nuála** de i gcúrsaí fuinnimh agus aeráide agus lena gcuirtear fás agus poist chun cinn ag an am céanna, lena gcuirtear ionstraimí leordhóthanacha ar fáil le hinfheistíocht i dtaighde agus i nuáil a fhorbairt, le teicneolaíochtaí nua a thabhairt chun an mhargaidh san Aontas Eorpach agus lena leathnófar na deiseanna d'allmhairiú - lena n-áirítear, cuir i gcás, an chéad ghlúin eile d'fhoinsí inathnuaite, stóráil fuinnimh do leictreachas agus gabháil agus stóráil carbóin, lena gcuirtear feabhas ar éifeachtúlacht fuinnimh agus ar theicneolaíochtaí sábháilte agus inbhuanaithe ísealcharbóin do thionscal agus d'iompar inbhuanaithe.

## C. NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

D'fhonn leanúint d'Aontas Fuinnimh a fhorbairt ar bhonn chreatstraitéis an Choimisiúin, déanann an Chomhairle an méid a leanas:

1. TACAÍONN SÍ leis na cúig ghné de Straitéis an Aontais Fuinnimh agus leis na gníomhaíochtaí a shonraítear i gConclúidí mhí an Mhárta 2015 ón gComhairle Eorpach agus IARRANN SÍ go gcuirfear chun feidhme go gasta iad.

2. MEABHRAÍONN SÍ go gcaithfidh institiúidí an Aontais agus na Ballstáit níos mó oibre a dhéanamh maidir le hAontas Fuinnimh a fhorbairt agus gur cheart go dtuairisceodh an Chomhairle don Chomhairle Eorpach roimh mhí na Nollag 2015.

3. IARRANN SÍ ar na gCoimisiún tionscnaimh a chur i láthair go gasta maidir le córas rialachais an Aontais Fuinnimh, i gcomhréir leis na Conclúidí ón gComhairle Eorpach an 19-20 Márta 2015 agus an 23-24 Deireadh Fómhair 2014, lena n-áirítear treoirlínte maidir le comhar réigiúnach, a ndéanfaidh an Chomhairle ITF (Fuinneamh) a fhorbairt agus a fhormhuiniú go mear agus a gcuirfear tuarascáil ina leith chuig an gComhairle Eorpach i mí na Nollag 2015 mar an chéad chéim leis an gcóras rialachais a fhorbairt i gcomhréir leis na Conclúidí ón gComhairle Eorpach an 19-20 Márta 2015 agus an 23-24 Deireadh Fómhair 2014.

4. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún cabhrú le níos mó trédhearcachta a áirithiú agus costais agus praghsanna an fhuinnimh á ríomh, trí fhaireachán iomchuí a dhéanamh, agus gan ualach riaracháin a chruthú gan ghá.

5. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún féachaint ar raon feidhme ionstraimí airgeadais uile agus córas infheistíochta fuinnimh uile an Aontais Eorpaigh atá ann cheana lena dtarraingítear acmhainní lena chéile le hinfheistíochtaí atá inmharthana ón taobh eacnamaíoch a mhaoiniú, agus suaitheadh agus ilroinnt margaidh á seachaint.